
# Modúl a hAon

Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha



Tree Council of Ireland

# Modúl a hAon


A thuilleadh faoi chrainn

Clár



| | |
|---|---|
| **Codanna an chrainn** | **Bileog Oibre 1-4** |
| **Torthaí agus síolta** | **Bileog Oibre 5-10** |
| **Crainn mar bhailte** | **Bileog Oibre 11-13** |
| **Dánta** | **Bileog Oibre 14** |
| **Na crainn thart orainn** | **Bileog Oibre 15-18** |


Tree Council of Ireland

# Codanna an Chrainn



**Seo iad na** ______________



**Seo** ______________

**Seo é an** ______________

**Seo** ______________


**Banc Focal**

## stoc craobh crann duilleoga




Tree Council of Ireland


# Codanna an chrainn




**Seo**



**Seo**



**Seo**



**Banc Focal**


síol bachlóg craobhóg




Tree Council of Ireland


# Codanna an Chrainn





**Seo**





**Seo**

**Seo iad**

**Banc Focal**

fréamhacha duilleog toradh




Tree Council of Ireland

# Codanna an Chrainn


**Déan na duilleoigíní ar na duilleoga seo a chomhaireamh.**

**Scríobh na huimhreacha sna boscaí.**




**Fuinseog**

**Cé mhéid duilleoigín?**



**Crann Cnó Capaill**

**Cé mhéid duilleoigín?**







Tree Council of Ireland


# Torthaí agus Síolta


## Roghnaigh focal do gach ceann.














## Dathaigh na pictiúir.


**Banc Focal**

mín ubhchruthach garbh súmhar
cruinn deilgneach bog crua





Tree Council of Ireland

# Torthaí agus Síolta




## Úlla





❁ Cén dath atá ar a chuid síolta?

______________________



❁ Déan na síolta a chomhaireamh.

Cé mhéid? ☐

❁ Cá bhfuil na síolta?

_ a _ _ t _ _ _ den úll.

Banc focal

Laistigh donn lasmuigh bán



Tree Council of Ireland


# Torthaí agus Síolta



## Cé a itheann úlla?



Itheann _ _ _ _ úlla



Itheann _ _ _ _ _ _ úlla



Itheann _ _ _ _ _ _ _ _ _ úlla

**Banc Focal**

Sinn (Ithimid)   Foiche   Gráinneog





Tree Council of Ireland

# Torthaí agus Síolta




**castáin**





**luch**




**Tá an luch ag ithe**


**c __ __ t __ __ __ .**



Tree Council of Ireland

# Torthaí agus Síolta






Scréachóg Choille



dearcáin





Iora

Itheann Scréachóga Choille agus Ioraithe d _ _ _ _ _ _ _ _.




Tree Council of Ireland

# Torthaí agus Síolta

## Ag Fás Síolta








Castán



Dearcán






Tree Council
of Ireland

# Crainn mar bhailte

Tá nead na Meaige déanta as craobhóga. Is nead mór é.


An nead mór nó nead beag é?



Cuir ciorcal timpeall ar an bhfocal ceart.

mór   beag

Dathaigh an pictiúir.







Tree Council of Ireland

# Crainn mar bhailte

**Tá nead an Loin Dhuibh déanta as craobhóga, caonach, féar agus olann.**





**Cad as atá an nead déanta?**

1 ______________________

2 ______________________

3 ______________________


4 ______________________

**Dathaigh an pitiúir.**




Tree Council of Ireland

# Crainn mar bhailte




Faigheann na héin a gcuid bia sna crainn.



Feicim

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

ar an duilleog



Feicim

_ _ _ _ _ _

ar stoc an chrainn.

Dathaigh na pictiúir.

Banc focal

Bolb

Feithid



Tree Council of Ireland

# Dánta




## Crann

*Seán Ó hÉigeartaigh*


Crann mór ar an talamh
Crann eile marbh.
Cathaoir, cupard, troscán,
An páipéar do mo dhán.
Páistí óga ar buile,
Deireadh doire coille.

## Duilleoga



Duilleoga deasa, deasa,
Duilleoga deasa buí,
Duilleoga deasa, deasa
Ag damhsa ar an gcraobh.

Duilleoga deasa, deasa
Duilleoga deasa buí.
Duilleoga deasa, deasa,
Ag imeacht leis an ngaoth.




Duilleoga deasa, deasa,
Duilleoga deasa buí,
Duilleoga deasa, deasa,
Ar thalamh ina luí.




Tree Council of Ireland

# Scéalta ón am fadó a bhain le crainn




## An rí a raibh cluasa capaill aige



Bhí rí ann aon uair amháin in Éirinn, i bhfad ó shin, a raibh Labhraidh Loingseach mar ainm air. Bhí rún uafásach aige a cheil sé ó gach éinne. Bhí cluasa capaill aige seachas gnáthchluasa. Choimeád sé faoi cheilt iad trína chuid gruaige a bheith an-fhada agus trí chlogad a chaitheamh i gcónaí.
Fuair sé ná cluasa seo mar phionós as ucht a bheith an-chruálach. Ní rithfeadh a chapall chomh mear agus a theastaigh uaidh, agus mar sin thuirling sé den chapall agus thosaigh se ag bualadh an ain-mhí go fíochmhar. Tháinig bean sí i láthair agus chuir sí in iúl dó gur duine an-chruálach a bhí ann agus go gcuirfeadh sí pionós air. Dhírigh sí a méar ar a cheann agus dhein sí cluasa fada gruagacha capaill dá chluasa.
Ní fhéadfadh aon dhochtúir nó draoi an draíocht a chur ar ceal agus a chluasa a chur ar ais mar a bhí. Mar sin d'fhás an rí a chuid gruaige fada chun a chluasa a chlúdach. Ach bhí air socrú a dhéanamh gach uile bhliain chum go ndéanfaí a ghruaig a bhearradh. D'fhéadfadh an bearbóir a bhearrfadh a ghruaig na cluasa capaill a fheiceáil ar cheann an rí. Ach sula bhfeadfadh sé sin a insint d'einne dhéanfadh an rí é a chur chun báis. Bhí sé fós ina rí cruálach.

Níor theastaigh ó éinne a ghruaig a bhearradh agus théadh na bearbóirí go léir i ghfolach nuair a tha-gadh an t-am do bhearradh gruaige bliantúil an rí. Aon bhliain amháin ní raibh teacht ar aon bhear-bóir ach fear óg a chónaigh i sráidbhaile ag an taobh eile den tir ó phálás an rí. Ba é an t-aon mhac amháin a bhí ag baintreach mná bocht. Chuaigh sí go dti an rí agus d'impigh sí air gan a mac a mharú nuair a bheadh a chuid gruaige bearrtha. Níor theastaigh ón rí aon gheallúint a thabhairt ach lean sí de bheith á chrá. Ag deireadh báire dúirt sé go ligfeadh sé a bheo dá mac dá bhféadfadh sé rún a choimeád don chuid eile dá shaol.



Sail


Nuair a bhi an bearbóir ag bearradh gruaig an rí ní fada go bhfaca sé cluasa an chapaill. Chuir an rí iallach air a gheallúint nach n-inseodh sé a raibh feicthe aige coíche d'aon duine beo. Thug an bearbóir an gheallúint sin ar ndóigh, mar níor theastaigh uaidh go gcuirfí chun báis é. Ba dhóbair nár phléasc sé, áfach, ag iarraidh an rún a choimeád agus bhí eagla air go n-inseodh sé an scéal agus é ina chodladh. Bhí sé an-bhuartha agus d'iarr sé comhairle óna mháthair. Dúirt sise nár gheall sé ach gan an scéal a insint d'éinne beo. D'fhéadfadh sé an scéal a insint do chrann. Mar sin chuaigh sé go dti áit ina raibh crann sailí mór agus scaoil sé a rún i gcogar chuig an gcrann, "Tá cluasa capaill ag an Labhraidh Loingseach"






Tree Council of Ireland

# Scéalta ón am fadó a bhain le crainn




Bhraith sé i bhfad níos fearr ina dhiaidh sin agus bhí sé in ann leanúint ag obair mar bhearbóir ag an rí. Lá amháin bheartaigh an rí go mbeadh cóisir mhór aige le mórán ceoil agus bia álainn le haghaidh na n-aíonna go léir. Sna laethanta úd sheinntí an ceol ar chláirsigh agus d'iarr an rí ar a Phríomh-Chláirseoir cláirseach nua a dhéanamh chun go seinnfí í ag an bhféasta. Chuaigh an Cláirseoir amach ag lorg crann sailí chun an chláirseach a dhéanamh as, mar dhéantaí cláirsigh ón gcrann saileach. Chonaic sé an crann céanna ar scaoil an bearbóir a rún leis agus bhain sé anuas é cun an chláirseach a dhéanamh. Dhein sé cláirseach den scoth as agus bhí gach éinne ag súil leis an amhrán nua, a chum sé go speisialta, a chloisteáil.



Ag an bhféasta nuair a bhí an bia ite ag gach éinne, d'éirigh an Cláirseoir chun an chláirseach nua a sheinm. Nuair a sheinn sé í, áfach, níor seinneadh an fonn a bhí ag teastáil ón gCláirseoir. Níor seinneadh ach an méid a d'inis an bearbóir dó i gcogar:

"Tá cluasa capaill ag Labhraidh Loingseach, Tá cluasa capaill ag Labhraidh Loingseach".




Chuala gach duine é agus stán siad ar an rí. Baineadh geit chomh mór sin as gur léim sé suas go tobann agus thit an clogad dá cheann. Os rud é gur bearradh a chuid gruaige an lá sin, bhí a chluasa capaill ag gobadh amach chun go bhfeicfeadh gach éinne iad. Bhí fhios ag na daoine ansin cén fáth go raibh sé chomh cruálach sin agus cén fáth gur mharaigh sé a chuid bearbóirí. Níor theastaigh uathu go mbeadh sé ina rí acu feasta agus díbríodh é. Fuair siad rí i bhfad níos deise ina dhiaidh sin – a bhuíochas san don chrann saileach a scaoil a rún.




Tree Council of Ireland

# Scéalta ón am fadó a a bhaineann le crainn






## Séipéal Naomh Bríd



Bean óg álainn ba ea Bríd a chónaigh in Éirinn díreach tar éis do Naomh Pádraig teacht anseo. Chuaigh an creideamh a thug sé leis i bhfeidhm chomh mór sin uirthi, gus chinn sí bheith ina bean rialta agus a saol go léir a chaitheamh ag cabhrú le daoine bochta. Bhí go leor taoiseach pagánacha fós in Éirinn an tráth sin agus theastaigh ó mhórán acu Bríd a phósadh de bhrí go raibh sí chomh hálainn sin. Ach thug sí diúltú glan dóibh go léir mar theastaigh uaithi bheith ina bean rialta.

Theastaigh ó thaoiseach i gCúige Laighean í a phósadh agus cheap sé dá dtabharfadh sé í go dtí a áit féin agus a chuid talún go léir a thaispeáint dí, go n-athródh sé a hintinn. Thug sé Bríd go dtí áit a raibh radharc breá ar a chuid maoine, agus ansin faoi chrann darach ollmhór d'iarr sé ar Bhríd arís é a phósadh. Ach dhiúltaigh sí dó agus í a rá gus theastaigh uaithi dáiríre bheith ina bean rialta. D'fhiafraigh sé di conas a d'fhéadfadh sí a bheith ina bean rialta nuair nach raibh aon chlochar nó séipéal an di.



Mar sín d'iarr sí air cuid den talamh bhreá a bhí aige a thabhairt chun go dtógfaí clochar agus séipéal ann. Ach bhí sé crosta de bhrí nach bpósfadh sí é agus dúirt nach raibh aon talamh le spáráil aige. Agus í ag féachaint thart ar a chuid maoine go léir, dúirt sí, "Nach bhféadfá an méid talún a thabhairt dom agus a d'fhéadfadh mo chlóca a chlúdach"? Bhí fhios aige nach mbeadh dóthain ansin ar chor ar bith, mar bhí clóca Bhríd ar chóimhéid le cóta mór. Mar sin chun stop a chur léi a bheith á chrá, d'aontaigh sé rud a dhéanamh uirthi.

Bhain Bríd a clóca di agus leath sí é ar an talamh faoin gcrann darach ollmhór. Agus dhein Dia miorúilt sa chaoi gur chlúdaigh sé dóthain talún do shéipéal agus do chlochar. Chuaigh an méid sin i bhfheidhm chomh mór san ar an taoiseach gus thug sé an talamh di agus gur iompaigh sé ina Chríostaí.

Thóg Naomh Bríd a chéad chlochar agus séipéal ansin agus tugadh Cill Dara air. Tógadh é san áit a bhfuil baile Chill Dara suite inniu. Bhí Naomh Bríd an-chineálta le daoine bochta agus bhí sí in ann miorúiltí a dhéanamh. Bhí bia ann i gcónaí do dhaoine ocracha a thug cuairt ar a clochar. Cuimhnímid ar Naomh Bríd inniu trí chrois Naomh Bríd a dhéanamh as luachair ar a lá féile, an chéad lá de mhí Feabhra, tús an earraigh.




Dair

# Bileog Oibre A

## Ealaín

Iarr ar na leanaí líníocht a dhéanamh chun an dá scéal thuas a léiriú.
Tabhair isteach duilleoga den chrann darach agus den chrann sailí go dtí an rang sa chaoi gur féidir leis na leanaí na duilleoga seo a fheiceáil.



## Eolaíocht

Bailigh roinnt dearcán ag druidim le deireadh an fhómhair. Is féidir na daltaí a spreagadh chun iad a chur i gcartáin íogairt ar leac na fuinneoige d'fhonn iad a chur lasmuigh an t-earrach ina dhiaidh. Tugtar sonraí ar conas iad a chur i Modúl 1 – Bileog 10, agus i Nótaí 5 do Mhúinteoirí den Phaca do Lá na gCrann.



Tree Council of Ireland